Cinniúint Aer Lingus

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhíolachán *Aer Lingus*. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal seo a aimsiú?

1. ceardchumann _____
2. lucht gnó _____
3. drochthionchar _____
4. geilleagar _____
5. máthairchomhlacht _____
6. comhlacht leathstáit _____
7. comhlacht aerthaistil _____
8. trian _____
9. infheistíocht _____
10. d'eisigh siad _____
11. ráthaíocht _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat na focail a thuiscint.

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair agus scríobh síos achoimre ghearr ar ábhar na míre. Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 3 Féach ar an mír arís agus freagair an cheist seo:

Cad a cheapann na daoine / dreamanna seo a leanas faoin tairiscint a fuair *Aer Lingus*?

Na ceardchumainn agus an lucht gnó
Seán Ó Cróinín
Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann

Ceist 4 '…níos deacra…'

Bíonn deacrachtaí go minic ag daoine le céimeanna comparáide na haidiachta, go háirithe le cuid de na haidiachtaí atá neamhrialta.

Breac síos breischéim na haidiachta atá ag na haidiachtaí coitianta seo a leanas:

beag _____
dian _____
fada _____
maith _____
olc _____
mór _____
saibhir _____
te _____

Ceist 5 '…baineann *Aer Lingus* le muintir na hÉireann…'

A. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cuirigí na ceisteanna seo ar a chéile. Cén aimsir atá i gceist?

An bhféachann tú ar an nuacht gach tráthnóna?
Féachaim / *Ní fh*éachaim.

An éisteann tú leis an raidió go minic?
Éistim / ní éistim

An oibríonn tú aon áit ag an deireadh seachtaine?
Oibrím / Ní oibrím.

An gceannaíonn tú cóta nua gach bliain?
Ceannaím / Ní C*h*eannaím

B. Anois, cum ceisteanna leis na briathra seo thíos agus cuir na ceisteanna a chum tú ar an duine in aice leat. Bíodh na briathra san aimsir láithreach agat. Beidh do chara ag cur ceiste ortsa freisin. Bí in ann mar sin, freagra gonta a thabhairt ar na ceisteanna a chuirfear ort.

Imir

_____
_____

Léigh

_____
_____

Déan

_____
_____

Buail le

_____
_____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An dtaistilíonn tú in eitleán go minic?
2. Cad a tharla don eitilt 370, Aerlíne na Malaeisia, dar leat?
3. Cad é do thuairim faoi *Aer Lingus*?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

1. ceardchumann	*trade union*
2. lucht gnó	*business community*
3. drochthionchar	*negative impact*
4. geilleagar	*economy*
5. máthairchomhlacht	*parent company*
6. comhlacht leathstáit	*semi-state body*
7. comhlacht aerthaistil	*airline company*
8. trian	*third*
9. infheistíocht	*investment*
10. d'eisigh siad	*they released / issued*
11. ráthaíocht	*assurance / guarantee*

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4

beag	*níos lú*
dian	*níos déine*
fada	*níos faide*
maith	*níos fearr*
olc	*níos measa*
mór	*níos mó*
saibhir	*níos saibhre*
te	*níos teo*

Ceist 5
A. An aimsir láithreach.

B.
Imir
An imríonn tú? Imrím / Ní imrím
Léigh
An léann tú? Léim / Ní léim
Déan
An ndéanann tú? Déanaim / Ní dhéanaim
Buail le
An mbuaileann tú le…? Buailim / Ní bhuailim.

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Deir ceardchumainn agus lucht gnó go mbeidh drochthionchar do gheilleagar na tíre seo má dhíoltar *Aer Lingus* le máthairchomhlacht *British Airways*, *International Airline Group* nó *IAG*. Dhearbhaigh bord *Aer Lingus* inniu go raibh tairiscint den tríú huair faighte acu ón gcomhlacht sin.

Grett O'Connor
Baineann *Aer Lingus* le muintir na hÉireann i slí speisialta. Is beag comhlacht leathstáit eile a spreagann mothúcháin chomh láidir ionainn mar phobal. Anois, tá iarracht eile ar bun ag mórchomhlacht idirnáisiúnta aerthaistil chun an tseoid[1] náisiúnta seo a cheannach. Anseo san iardheisceart tá an geilleagar réigiúnach ag brath go mór ar eitiltí ó Aerfort Chorcaí.

Níl ag éirí go maith le hAerfort Chorcaí cheana féin. Do tháinig milliún níos lú daoine tríd an aerfort seo anuraidh ná mar a tháinig in 2008. Faoi láthair, is ag taisteal go Heathrow nó ar ais a bhíonn aon trian de phaisinéirí Aerfort Chorcaí - sin sé mhíle duine gach seachtain. Deir an lucht gnó go bhfuil sé riachtanach an ceangal sin a choimeád.

Seán Ó Cróinín, Comhairleoir Gnó, Enterprise Ireland
Ar an gcéad dul síos beidh sé níos deacra[2] ár ngnó a dhéanamh leis na tíortha thar lear ina bhfuil muid ag trádáil. Beidh sé níos deacra infheistíocht thar lear a fháil sa réigiún mar beidh sé níos deacra do na comhlachtaí sin an gnó a dhéanamh freisin. Agus, dá bharr sin tá imní orm go gcaillfear postanna[3].

Grett O'Connor
Is léir go dtuigeann Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann tábhacht na n-eitiltí go Londain agus go lár-aerfoirt eile na hEorpa do Chorcaigh agus d'Aerfort na Sionainne. D'eisigh siad ráiteas inniu ag rá go gcaithfeadh an rialtas ráthaíocht a lorg ó aon cheannaitheoir maidir leis na himpleachtaí don dá aerfort sin.

Grett O'Connor, Nuacht TG4, Corcaigh.

[1] *seoid* a deirtear
[2] *deacair* a deirtear
[3] *poist* atá sa Chaighdeán Oifigiúil